SINTÉIS NÁISIÚNTA

na hEaglaise Caitlicí in Éirinn faoi chomhair an Sionad Uilíoch 2021-2023

Curtha i láthair do

Ardrúnaíocht
an tSionaid

Sionad 2021 2023

I dtreo Eaglais shionadach
comaoin | rannpháirtíocht | misean

LÚIREACH PHÁDRAIG

Críost liom,

Críost romham,

Críost i mo dhiaidh, Críost istigh ionam,

Críost fúm, Críost os mo chionn,

Críost ar mo lámh dheis, Críost ar mo lámh chlé,

Críost i mo luí dom, Críost i mo sheasamh dom,

Críost i gcroí gach duine atá ag cuimhneamh orm,

Críost i mbéal gach duine a labhraíonn liom,

Críost i ngach súil a fhéachann orm,

Críost i ngach cluas

a éisteann liom.

Sintéis Náisiúnta na hEaglaise Caitlicí in Éirinn faoi chomhair an Sionad Uilíoch 2021-2023

1. **Réamhrá**
2. **Téamaí**
3. **Saincheisteanna suntasacha nár cuireadh i láthair go láidir sa Chomhairliúchán**
4. **Conclúid**

1. Réamhrá

Tá bunús saibhir san Eaglais Chaitliceach maidir le sionaid agus sionaid a ghairm. Is féidir iad sin a rianú siar go dtí Comhairle Iarúsailéim mar a thuairiscítear i Gníomhartha na nAspal 15. Tá béim athnuaite curtha ag an bPápa Proinsias ar an sionad agus é ag áitiú gurb í 'cosán an tsionaid an cosán a bhfuil Dia ag súil leis ón Eaglais sa tríú mílaoise'.[1] I mí an Mhárta 2021, d'fhógair Comhdháil Easpag Chaitliceach na hÉireann Sionad don Eaglais Chaitliceach in Éirinn a mhairfidh ar feadh cúig bliana. I mí Dheireadh Fómhair na bliana céanna, sheol an Pápa Proinsias próiseas domhanda rannpháirtíochta agus comhairliúcháin as ar eascair Gnáth-Chomhthionól Ginearálta XVI de chuid Shionad na nEaspag atá tiomnaithe do théama an tsionadaíocht féin. Tugadh an cuireadh do Phobal Dé ar fud oileán na hÉireann chun páirt a ghlacadh sa Sionad Uilíoch. I gcroílár an turais seo bhí éisteacht le Dia trí éisteacht lena chéile.

Thacaigh an Coiste Stiúrtha Náisiúnta agus an Tascghrúpa um Bhealach Shionadach na hEaglaise Caitlicí in Éirinn, a cheap Comhdháil Easpag Caitliceach na hÉireann, le deoisí agus le grúpaí le linn na céime seo. Bhí liotúirge tosaigh ag gach deoise chun an próiseas a sheoladh go háitiúil. Ceapadh coistí stiúrtha ina raibh ionadaíocht chothrom den chléir, d'fhir agus mná rialta agus d'fhir agus mná tuata ag obair le chéile. Reáchtáladh comhráite spioradálta, urnatheacha, éisteachta agus próisis tuisceana; cuid acu go pearsanta agus cuid eile ar líne. Ar Fhéile Dheastógáil an Tiarna, an 29 Bealtaine 2022, chuir gach ceann de na 26 deoise sintéisí isteach agus fuarthas 29 ceann eile ó ghrúpaí eile (comhlachais reiligiúnacha, cumainn phobail Dé, gluaiseachtaí eaglasta, gníomhaireachtaí

[1]Cathair na Vatacáine, 19 Deireadh Fómhair 2015 (VIS) – Ar chomóradh caoga bliain ó bunaíodh Sionad na nEaspag, thug an tAthair Rónaofa, an Pápa aitheasc d'Aithreacha an tSionaid i Halla Pól VI na Vatacáine.

Eaglaise, srl). Fuarthas aighneachtaí freisin ó roinnt daoine aonair.[2] Rinne foghrúpa den Choiste Stiúrtha athbhreithniú ar na haighneachtaí de mheon urnaí agus tuisceana thar dheireadh seachtaine na Cincíse (Meitheamh 2022). Chuir siad téamaí atá ag teacht chun cinn i láthair ionadaithe na ndeoisí agus na ngrúpaí ag comhthionól náisiúnta réamh-shionadach ar an 18 Meitheamh 2022 i mBaile Átha Luain. Cuireadh bailchríoch leis an imeacht seo le siúlóid urnaí liotúirgeach shionadach ag suíomh mhainistir Chluain Mhic Nóis ón 6ú haois. Roghnaíodh an suíomh mar go nascann sé Eaglais an lae inniu in Éirinn lena oidhreacht ársa nuair a bhí an mhainistir seo ina láthair iontach foghlama agus urnaí, agus mic léinn ag tarraing uirthi ó gach cearn den Eoraip.

Le linn na céime deoise de phróiseas an tsionaid, rinneadh iarracht d'aon ghnó teacht ar raon daoine chomh leathan agus ab fhéidir laistigh den mhéid ama a bhí ar fáil. D'éist na héascaitheoirí le daoine i gceantair uirbeacha agus tuaithe, chomh maith le daoine a théann chun na heaglaisí agus daoine nach dtéann. D'éist siad leo siúd atá ag obair nó dífhostaithe nó ag tabhairt aire do dhuine sa bhaile, le teaghlaigh, le daoine a chónaíonn ina n-aonar, le daoine óga agus le daoine scothaosta. Glacadh cúram speisialta "na daoine sin a d'fhéadfadh a bheith i mbaol do bheith eisiata"[3] mar shampla mná, baill den phobal LGBTQI+, an Lucht Siúil/Mincéir, imircigh agus teifigh. Reáchtáladh próiseas éascaithe éisteachta d'aon ghnó leis na daoine sin ba mhó a ghortaigh an Eaglais iad – marthanóirí a ndearna pearsanra na hEaglaise drochúsáid orthu. Bhí na daoine seo macánta agus misniúil sa tslí inar roinn siad mar a d'fhág drochúsáid, de gach cineál, créacht oscailte ina saol, créacht oscailte atá fós i gcroílár na hEaglaise.

Chuir rannpháirtithe roinnt imní in iúl faoin bpróiseas agus imní faoi theorainneacha. Bhí easpa tuisceana ar théarmaí mar sionadaíocht, comaoin, agus mhisean. Rud an-nua freisin ag go leor daoine ab ea páirt a ghlacadh i bpróiseas mhachnaimh. Bhí an-tuirse le sonrú sna heaglaisí áitiúla áit a raibh lucht na bparóistí fós ag iarraidh teacht aniar ó thorthaí phaindéim Covid-19. Cé go ndearna go leor paróistí iarracht dul i gcomhairle le daoine óga, bhí sé seo deacair agus braitheadh nach raibh a nguthanna le cloisteáil le linn an phróisis chomhairliúcháin. Ghlac roinnt daoine óga páirt ach b'ábhar suntais gur trí cheistneoirí ar líne, modhanna digiteacha nó i scoileanna ba mhó a ghlac siad páirt. Bhí deacracht ag formhór na ndeoisí teagmháil a dhéanamh le daoine ar an imeall, bhí sé deacair teacht orthu.[4] Chuir rannpháirtithe áirithe in iúl go raibh imní orthu nach mbeadh sa phróiseas ach caint is nach ndéanfaí aon rud. Bhí

[2]Fuarthas aighneachtaí aonair trí dheiseanna rannpháirtíochta agus chomhfhreagrais scríofa ar líne.
[3] *Vademecum* 2.1
[4]Is minic a bhí drogall orthu siúd atá imeallaithe ón Eaglais páirt a ghlacadh sa phróiseas seo.

eagla ar dhaoine eile go ndéanfaí an bonn a bhaint de theagasc riachtanach agus de chleachtas na hEaglaise. Tugadh faoi deara nach raibh an próiseas chomh torthúil i gcásanna nach bhféadfadh sagairt, nó nach raibh fonn orthu, páirt a ghlacadh sa sionad. Chuir rannpháirtithe in iúl freisin go raibh eagla orthu go ndéanfadh daoine moltaí a scagadh nó go gcuirfí cosc le hábhair áirithe, nó go ndéanfaí cinsireacht ar an doiciméad deiridh.

Ar bhealach níos dearfaí, breathnaíodh ar an bpróiseas mar thréimhse ghrásta agus mar dheis chun creideamh a fhorbairt. Rinne na héascaitheoirí iarracht timpeallachtaí éisteachta sábháilte, foighneacha a chur ar fáil a thacaigh le macántacht agus trédhearcacht. Is léir ó cháilíocht na bhfreagraí a tugadh ar an bpróiseas comhairliúcháin gur éirigh leo i gcásanna áirithe ar a laghad. Chuir roinnt rannpháirtithe in iúl go raibh siad fíorbhuíoch go ndeachthas i gcomhairle leo agus gur éisteadh leo - mheas go leor acu gurbh é sin an chéad uair riamh a tharla sé. Bhí dea-thoil barántúil le sonrú ina measc siúd a ghlac páirt. Bhí sé seo thar a bheith inmholta ag teacht uathu siúd a d'fhulaing eisiamh nó gortú ón Eaglais. Bhí 'Dia na nIontas' le sonrú ag an comhthionól náisiúnta réamh-shionadach. Le linn an chruinnithe sin, léiríodh meas ar ionracas na n-aighneachtaí agus tugadh ómós dóibh. Bhí na téamaí a bhí ag teacht chun cinn agus a chuir an Coiste Stiúrtha i láthair ag teacht le heispéiris áitiúla ar leibhéal an pharóiste agus na deoise agus thug siad níos mó muiníne as barántúlacht agus ionracas an phróisis dóibh siúd a bhí freagrach as an tuarascáil a dhréachtú. Bhí spiorad an tsionaid le feiceáil agus á chleachtadh sna guthanna éagsúla a chruinnigh le chéile agus a d'éist agus meas acu ar a chéile. Ní bhréag a rá go raibh an Spiorad Naomh i láthair. Tríd is tríd, thug an sionad dóchas i dtaobh todhchaí na hEaglaise in Éirinn dóibh siúd a bhí páirteacht. Agus na rannpháirtithe ag glacadh go hiomlán leis an gcéim tosaigh seo de chonair an tsionaid, léirigh siad gur mhian leo go gcuirfí deiseanna den chineál céanna ar fáil arís, agus nuair a bhíothas ag foghlaim le bheith páirteach i sionad, ba léir go bhfuil bealach nua chun bheith mar Eaglais ag teacht chun cinn in Éirinn anois.

Le linn an phróisis léirigh na daoine a ghlac páirt sa chomhairliúchán tiomantas domhain dá gcreideamh; a gcinteacht faoi thábhacht Dhea-Scéala agus phearsa Íosa Críost; a mbrón agus fiú a mbuairt nach bhfuil an oiread sin daoine páirteach i bpobal an chreidimh a thuilleadh, nó gur coimhthíodh nó gur tiomáineadh uaithi iad; agus go bhfuil siad tiomanta do bhealaí nua a aimsiú chun misean na hEaglaise a chur in iúl agus freastal air.

2. Téamaí

Seo cnuasach de na príomhthéamaí a aithníodh ó bheith ag éisteacht agus ón gcomhairliúchán. Tá sé mar aidhm againn sa chuid seo a bheith dílis do ghuthanna na ndaoine a ghlac páirt, agus an rud a cuireadh in iúl a chur i láthair go dílis.

(i) Drochúsáid mar Chuid de Scéal na hEaglaise

Cuireadh síos ar ndrochúsáid fhisiciúil, ghnéasach agus mhothúchánach agus gur 'chréachta oscailte' an chaoi ar a cheil an Eaglais in Éirinn an scéal. Bíonn tionchar ag an taithí seo ar íospartaigh/marthanóirí agus ar a dteaghlaigh ar gach leibhéal dá saol, lena n-áirítear ar a n-anamacha. Baineann agus nascann na haighneachtaí leis an oiread sin réimsí eile – ár dtuiscint ar ghnéasacht agus ar chumhacht; easpa ban i róil chinnteoireachta; trédhearcacht agus cuntasacht i rialachas; cléireachas. Tugtar cuireadh don Eaglais ceistiú a dhéanamh ar an gcaoi ar chuir a struchtúir agus a *modus operandi* féin leis an ngéarchéim seo. Sa chiall seo is lionsa é trína gcaithfear féachaint ar gach rud eile.

Chruthaigh scála na drochúsáide laistigh den Eaglais tuiscint ar an méid a cailleadh dá bharr. Bhí sé sin le sonrú sna freagraí ar ár gcomhairliúchán. Léirigh na marthanóirí féin agus a dteaghlaigh, na creidmhigh, atá coimhthithe ón Eaglais mar gheall air, tuiscint ar an méid a cailleadh mar aon le fearg leanúnach. Braitheann go leor sagairt mhaithe agus fir agus mná rialta go ndearnadh feall orthu freisin. Chomh maith leis an méid ollmhór dea-oibre atá déanta maidir le daoine a chosaint, ní mór dúinn leanúint lenár n-iarrachtaí chun amanna agus spásanna a chur ar fáil le bheith ag déanamh bróin, agus an caillteanas comhroinnte seo a chaoineadh. Dá bhrí sin, léiríonn na tuairimí a nochtadh faoi drochúsáid an gá atá le haithrí agus leorghníomh ar an leibhéal náisiúnta. Tugadh le fios in aighneacht amháin: *Is é ár dtuairim nach bhfuil aon rud leordhóthanach déanta go dtí seo ag an Eaglais in Éirinn maidir le leorghníomh ná cúiteamh:*[5] agus dúirt duine eile: *Bíodh is go gcuidíonn focail a roghnaítear go cúramach agus a labhraítear go humhal agus go macánta, ní leor iad.* Ag an comhthionól náisiúnta réamh-shionadach, léiríodh buíochas as toilteanas na marthanóirí páirt a ghlacadh sa phróiseas agus aontaíodh go mbeadh na focail diana géara a dúirt siad san áireamh in aguisín leis an aighneacht a sheolfar chun na Róimhe.

[5]Le linn an tsintéis seo tá na hathfhriotail dhíreacha ó na haighneachtaí a fuarthas curtha ar fáil againn i gcló iodálach.

Cuid dhílis de ghortú domhain an chréachta seo í an drochúsáid institiúideach a tharla in áiteanna mar thithe Máthar agus Leanbh, tithe níocháin Mhaigdiléana agus dílleachtlanna. Chuir na straitéisí chun drochúsáid institiúideach na hEaglaise a cheilt isteach níos mó fós ar na marthanóirí. Cúis iontais é, cé gur chuir drochúsáid go mór le cailliúint muiníne san Eaglais in Éirinn, go raibh roinnt aighneachtaí ann inar leagadh béim mheasartha íseal ar ghéarchéim na drochúsáide.

Mar achoimre, léirigh go leor daoine a raibh baint acu leis an bpróiseas comhairliúcháin don Sionad an-bhuíochas do na marthanóirí. Ba léir gur tuigeadh go soiléir, ainneoin go leor iarrachtaí na hEaglaise, nach raibh 'reicneáil' déanta go fóill, agus gur léirigh próiseas an tsionaid go soiléir gur gá an cheist seo a bheith i gcroílár aon athnuachan agus athchóiriú na hEaglaise. Tugadh le fios in aighneacht amháin: *Cuirimid fáilte roimh chonair an tsionaid mar bhealach chun idirphlé a bheith againn le daoine eile agus taisteal leo agus go deimhin is cúis gliondair dúinn í.* Cheangail aighneacht eile an léargas seo go sonrach le hoidhreacht na drochúsáide: *Ní mór dúinn a ghealladh go rachaimid féin ar aistear le marthanóirí agus go mbuailfimid leo, i ngrúpaí beaga más féidir, áit ar féidir comhrá a dhéanamh agus a bheith oscailte don Spioraid Naomh a bheith inár measc.*

(ii) Ceannaireacht Chomhfhreagrach

Cuntasacht, trédhearcacht, rannpháirtíocht, comhroinnt, dea-rialachas - is focail thábhachtacha iad sin a úsáideadh chun dóchas na rannpháirtithe i dtodhchaí na hEaglaise in Éirinn a chur in iúl maidir le cúrsaí ceannaireachta. Léiríonn na focail sin ó go leor de na daoine a d'fhreagair comhairliúchán an tsionaid cad a d'airigh siad uathu san Eaglais. Braitheann go leor daoine gur ag sagairt agus easpaig amháin a bhíonn an t-údarás agus gurb iad sin a dhéanann cinntí. Spreagann an struchtúr cumhachta sin míshástacht, frustrachas agus fearg iontu maidir le próisis chinnteoireachta agus feidhmiú údaráis ag gach leibhéal san Eaglais. Dearbhaíodh go gcuireann an Dlí Canónta féin bacainní ar cheannaireacht chomhfhreagrach agus is léir go bhfuil tuataí, go háirithe mná agus daoine óga, eisiata ó na próisis seo agus ó róil cheannaireachta níos ginearálta san Eaglais.

Léiríonn na haighneachtaí easpa soiléireachta maidir le róil agus freagrachtaí ceannaireachta. Ba cheart go mbeadh cothromaíocht le sonrú i gComhairlí Tréadacha Paróiste, Coistí Airgeadais agus comhairlí comhairleacha eile maidir

le hionadaíocht na ndaoine a bhfuil siad chun labhairt ar a son agus gan a bheith éilíteach nó ina ngrúpaí nach ndéanann ach *caint faoi rudaí a dhéanamh*. Ina áit sin, iarrtar ar Chomhairlí Tréadacha Paróiste agus ar chomhairlí ionadaíocha eile iad féin a fhorbairt mar chomhthionóil de chreidimh a bhfuil de shíor ag guí agus ag machnamh, agus a chuireann gníomhartha ar mbun de bharr an mhachnamh sin.

Tugadh le fios go raibh forbairt chreidimh daoine aosta, acmhainní le haghaidh ministreachtaí daoine tuata agus cinnteoireacht chomhoibríoch lag nó in easnamh go hiomlán. D'admhaigh an chléir go mbíonn siad ró-thuirseach i go leor áiteanna le páirt a ghlacadh sna forbairtí sin. Mar sin féin, tuigeann siad dá gcuirfí oideachas agus foirmiú ar fáil do thuataí go bhféadfadh baint níos mó a bheith acu le ceannaireacht chomhfhreagrach agus gur mhaith an rud é sin. Ní mór do chur chuige den sórt sin a bheith bunaithe ar chreideamh agus dírithe ar cheannaireacht seirbhíseach ionas nach mbainfeadh siad go hiomlán le cúrsaí bainistíochta nó riaracháin.

Measann roinnt daoine fós nár cheart go mbeadh guth ag tuataí i gcinnteoireacht na hEaglaise/an pharóiste; gurb é sin 'ról an tsagairt' go príomha. Tá siad sásta go mbeidh tuataí ina 'saorálaithe' a chuidíonn nuair is gá seachas páirt ghníomhach a bheith acu sa cheannaireacht. Tá daoine eile, áfach, lán sásta a bheith páirteach chun bhealach chun cinn a rianú go háirithe trí phróisis an tsionaid.

(iii) Cléir

Léirigh na rannpháirtithe go bhfuil siad an-bhuíoch dár sagairt. Tugadh aitheantas go minic le linn an phróisis chomhairliúcháin dá dtiomantas, dá n-obair chrua, don chaoi a mbíonn siad ar fáil agus don chúram tréadach a sholáthraíonn siad. D'aithin go leor díobh siúd a thug freagra ar an sionad go bhfuil an iomarca oibre le déanamh acu agus go mothaíonn siad go minic faoi ualach trom rialachais agus riaracháin. Léiríodh go leor imní sna haighneachtaí, faoinár gcléir atá ag dul in aois. Léiríodh meas ar ról an tsagairt agus go mbeidh ról bunriachtanach i gcónaí aige i bpobail chreidimh. Bhí imní ar rannpháirtithe áirithe go bhfuil roinnt sagairt níos óige an-traidisiúnta agus dolúbtha ina gcuid smaointe agus go mb'fhéidir nach mbeadh na scileanna riachtanacha acu chun páirt a ghlacadh i gceannaireacht chomhfhreagrach. Iarradh go gcuirfí oiliúint níos fearr ar fáil dár gcléir. Ní mór na scileanna a mhúineadh do shagairt atá riachtanach chun ministreacht agus ceannaireacht a sholáthar in Eaglais

shionadach. Dúirt roinnt sagairt go mbeadh an cúnamh sin ag teastáil uathu. Bíonn drogall ar dhaoine eile scaradh leis na róil a bhí acu le fada an lá. Measann daoine eile go bhfuil siad á mbrú ar leataobh, go bhfuil a gcumhacht ag trá agus nach bhfuil siad ábhartha a thuilleadh.

Ag an comhthionól náisiúnta réamh-shionadach tarraingíodh anuas ábhar imní nach raibh guth na cléire le cloisteáil chomh hard agus a d'fhéadfadh sé a bheith sa phróiseas. Bhí éagsúlacht sna cleachtais maidir le cibé ar eagraíodh seisiúin éisteachta don chléir amháin mar chuid den phróiseas sionadach. Mar sin féin, níor glacadh i gcónaí leis an gcuireadh chun páirt a ghlacadh mar bhaill de 'shagartacht phobail Dé' rud a d'fhéadfadh léiriú a thabhairt faoi dhearca na sagart nach bhfaca iad féin mar chuid den phobal uile i dtaobh an próiseas mhachnaimh. Ar an taobh eile de, ba mhinic a bhí an chléir ag iarraidh timpeallacht a chruthú ina mbeadh saoirse ag lucht an pharóiste a dtuairimí a nochtadh agus dá bharr sin d'fhanadar amach ó chruinnithe poiblí. I gcásanna áirithe, roghnaigh an chléir gan páirt ar bith a ghlacadh iontu.

Bhí achainíocha ó rannpháirtithe idir óg agus aosta nár gá go beadh an chléir aontumha, go bhféadfadh sagairt pósadh, go mbeadh mná ina sagairt agus go bhféadfadh sagairt a d'fhág an sagartacht chun pósadh filleadh arís. Ba mhinic a mheas rannpháirtithe sa phróiseas gur bhain cléireachas de gach cineál le gortú agus mí-úsáid cumhachta. Dhearbhaigh cuid acu nach bhfuil struchtúir na hEaglaise cuimsitheach agus go bhfuil siad patrarcach, ordlathach agus feodach. Léiríodh imní go bhfuil go leor sagart in aghaidh gach athrú; go measann siad nach bhfuil aon rud eile le foghlaim acu agus go mbreathnaíonn siad ar an bparóiste áitiúil mar 'mo pharóiste féin' in ionad 'ár bparóiste'.

Bhí an tuiscint ann gur cuireadh fáilte roimh dhéagánaigh bhuana ach nach dtuigtear i gcónaí cad atá i gceist leo.[6] Bhí bealach nua freisin ag teastáil ó dhaoine chun easpaig a roghnú agus thug roinnt rannpháirtithe le fios gur chóir go mbeadh rannpháirtíocht níos leithne ag Pobal Dé san áireamh leis.

(iv) Ministreacht Thuata

Tá an gairm a fuaireamar inár mBaisteadh i gcroílár cé muid féin mar Chríostaithe. Léirítear an ghairm sin ar bhealaí éagsúla, agus tá ministreacht thuata ar cheann acu. Ar thaobh amháin, feiceann roinnt freagróirí gurb iad an

[6]Sa bhliain 2000 d'iarr Comhdháil Easpag na hÉireann faomhadh na Róimhe chun déagánaigh bhuana a oirniú. In 2001 deonaíodh an cead sin.

chléir is mó atá freagrach as misean na hEaglaise a chur i gcrích, agus aithníonn daoine eile go bhfuil gá le rannpháirtíocht níos mó ag tuataí i saol na hEaglaise. Chualamar achainíocha cosúil leo arís is arís eile sna haighneachtaí gur cheart do thuataí *a bheith páirteach i róil cheannaireachta agus teagaisc níos suntasaí ... ní hamháin toisc go mbainfeadh sé ualach éigin den sagart, ach toisc go bhfuil sé sin ina chuid de mhisean gach duine a baisteadh mar Chaitliceach.*

Mar sin féin, tá dúshláin le sárú. Ina measc siúd tá an chaoi a mheastar go bhfuil pobail na bparóistí nó na hEaglaise níos leithne neamhghníomhach maidir le ministreacht thuata. Bhí snáithe uileghabhálach le feiceáil i rith an chomhairliúcháin nach raibh mórán úsáide á bhaint ag an Eaglais as buanna na dtuataí. Ag an comhthionól náisiúnta réamh-shionadach, tugadh faoi deara gur cheart don Eaglais tacú le tuataí ina ról mar dheisceabail, agus bhraith roinnt daoine gur gá do thuataí freagracht níos mó a ghlacadh maidir lena ról san Eaglais.

Léirigh aighneacht ó mhisinéirí a d'oibrigh thar lear agus a d'fhill ar Éirinn go raibh go leor foghlamtha acu ó bheith ag obair le comhghleacaithe tuata sna pobail éagsúla ina raibh siad ag freastal. *Ní raibh de rogha againn ach muinín a chur sna cheannairí tuata a thug faoi na ministreachtaí éagsúla go fonnmhar agus oiliúint a thabhairt dóibh. Ag breathnú siar air, is léir gurbh é ganntanas na ministrí ornaithe a chuir ar chumas na dtuataí an ról a thug Dia dóibh a ghlacadh.*

Cé go bhfuil go leor iarrachtaí déanta chun cur le ról na dtuataí san mhinistreacht, tá go leor le déanamh fós chun iad a spreagadh, tacú leo agus oiliúint a sholáthar dóibh a bheidh oiriúnach do thuataí chun iad a chumasú chun a ngairm a chomhlíonadh agus Dea-Scéala Íosa Críost a scaipeadh ina bpobail chreidimh féin. Bhí éileamh ar oiliúint den sórt sin le sonrú i gcuid mhór den chomhairliúchán. Aithníodh freisin, cé go mbímid ag caint go minic ar chléir atá ag dul in aois, tá ár dtuataí ag dul in aois freisin.

(v) Muintearas

Bhí mothúcháin láidre sna haighneachtaí maidir le muintearas agus léiríodh fonn chun Eaglais níos fáiltí agus níos cuimsithí a fhorbairt. Bhí roinnt freagróirí sásta leis an muintearas agus an chomhluadair a mhothaigh siad laistigh den Eaglais ach léirigh go leor eile an tuairim nach raibh an Eaglais chomh fáilteach agus a d'fhéadfadh a bheith dóibh siúd atá ar imeall na sochaí nó a bhraitheann eisiata mar gheall ar a gclaonadh gnéasach.

Dúradh in aighneacht amháin: *Na daoine a bhraitheann sa bhaile san Eaglais airíonn siad uathu na daoine nach mbraitheann.* Bhí fonn ar gach duine go mbeadh an Eaglais níos fáiltí agus níos cuimsithí i leith cách, agus ar an mbealach sin teagmháil a dhéanamh go háirithe leo siúd ar an imeall agus leo siúd nach mbíonn rannpháirteach go rialta.

Leagadh béim ar an chaoi go mbíonn an Eaglais ar fheabhas nuair a bhíonn sí gar do shaol na ndaoine, go labhraíonn sí teanga a thuigeann daoine, agus go mbíonn baint aici le daoine agus iad ag streachailt ó lá go lá. Maidir leis an teanga féin, bhraith roinnt daoine nach raibh aird chuí á tabhairt ag an Eaglais ar an nGaeilge ná ar na nósanna áitiúla a bhaineann leis an teanga. Léiríodh an dearcadh arís agus arís eile nach dtarlaíonn rud ar bith lasmuigh den Aifreann agus go bhféadfaí i bhfad níos mó a dhéanamh chun muintearas a fhorbairt trí imeachtaí rialta sóisialta agus seirbhísí liotúirgeacha eile.

In éineacht leis an mian sin maidir le feabhas a chur ar naisc bhráithriúla agus phobail bhí an tuiscint gur gá modhanna cumarsáide níos fearr a úsáid chun cabhrú leis an bpróiseas sin. Thug aighneacht ó dheoise amháin rabhadh ciallmhar: *Bhí an teicneolaíocht an-úsáideach, ach ní féidir an t-idirlíon a úsáid in ionad teagmháil dhaonna.*

Má tá an Eaglais le bheith ina hEaglais uilechuimsitheach ina n-airíonn na daoine imeallaithe go léir muintearas inti ní mór dúinn a fháil amach cé atá ar iarraidh agus conas is féidir fáilte a chur rompu. Tugadh le fios in aighneacht amháin: *Tá sé ríthábhachtach cuireadh pearsanta a thabhairt do dhaoine.*

(vi) Ról na mBan san Eaglais

Luadh ról na mban san Eaglais i mbeagnach gach aighneacht a fuarthas. Éilíodh sna freagraí sin go dtabharfaí cóir chomhionann do mhná laistigh de struchtúir na hEaglaise ó thaobh ceannaireachta agus cinnteoireachta de. Mar a dúradh in aighneacht amháin: *Tá áit speisialta ag mná san Eaglais ach ní áit chomhionann í.* Dúirt go leor ban nach bhfuil siad sásta go mbreathnófaí orthu mar shaoránaigh den dara grád a thuilleadh agus go bhfuil go leor acu ag fágáil na hEaglaise. Mothaíonn siad, cé go raibh an méid a rinne siad thar na blianta thar a bheith luachmhar, go ndearnadh talamh slán de.

Éilíodh i go leor de na haighneachtaí go oirneofaí mná ina ndéagánaigh bhuana agus ina sagairt. Breathnaítear ar an chaoi a bhfuil siad eisiata ó bheith ina ndéagánaigh gur rud an-ghoilliúnach ar fad é. Mhothaigh roinnt ban *gur ceapadh sraith eile fós chun iad a eisiamh.* Ní thuigeann go leor daoine óga dearctha na hEaglaise i leith na mban. Mar gheall ar an dícheangal atá idir dearcadh na hEaglaise ar mhná agus ról na mban sa tsochaí níos leithne sa lá atá inniu ann, breathnaítear ar an Eaglais mar eagraíocht patrarcach agus measann roinnt daoine go bhfuil an Eaglais frithbhanda.

Ardaíodh ceist na mban agus an fhoréigin inscne-bhunaithe freisin agus iarradh *dúshlán a thabhairt do neamhionannas sistéamach inscne chun a chinntiú go n-éistear le guthanna na mban agus go bhfuil an deis acu a bheith ina gceannairí agus páirt a ghlacadh i bhfóraim cinnteoireachta.* Eisíodh achainí freisin chun machnamh a dhéanamh le chéile mar Eaglais ar *an éagóir a rinne an Eaglais agus an Stát ar mhná, agus a rinneadh trí noirm chultúrtha na sochaí.*

(vii) LGBTQI+

D'éiligh tromlach go soiléir go ndéanfaí daoine LGBTQI+ a chuimsiú go hiomlán san Eaglais. Chuir daoine de gach aoisghrúpa agus go háirithe ag daoine óga agus baill den phobal LGBTQI+ é sin in iúl.

Dá ndéanfaí an chuimsiú sin ní bheadh an oiread cáinte le sonrú i dteagasc na hEaglaise, agus leanfaí de chur chuige comhbhách, claochlaitheach an Phápa Proinsias a bhfuil meas ag daoine óga go háirithe air.

D'éiligh roinnt daoine go n-athrófaí teagasc na hEaglaise, agus fiafraíodh an bhfuil an Eaglais sách eolach ar fhorbairtí maidir le gnéasacht dhaonna agus ar shaol lánúineacha LGBTQI+. Chuir daoine eile in iúl go raibh imní orthu dá n-athrófaí teagasc na hEaglaise nach mbeadh ann ach iarracht cloí le caighdeáin shaolta agus le cultúr na linne seo. Ar an gcaoi chéanna, moladh gan caitheamh leis an bpobal LGBTQI+ ar leithligh ó ghrúpaí imeallaithe eile.

D'iarr grúpa fócais LGBTQI+ go ngabhadh an Eaglais leithscéal leo. Moladh san aighneacht sin, cé gur annamh a cháineann an Eaglais daoine aeracha na laethanta seo, cruthaíonn sé atmaisféar go hindíreach ina gcuirtear suas le drochúsáid fhisiciúil, shíceolaíoch agus mhothúchánach daoine aeracha agus fiú go spreagtar é sin. Go deimhin, thug soiléireacht an ghrúpa fócais seo a labhair óna gcroí amach beocht do na dearcthaí níos trialaí agus níos ginearálaithe ar

chuimsiú atá curtha ar fáil in áiteanna eile, agus léirigh siad an luach a bhaineann le cloisteáil go díreach ó na ndaoine atá eisiata nó míshásta.

(viii) Gnéasacht agus Caidrimh

Ba léir gur gnéasacht, eitic ghnéis agus ceisteanna caidrimh ba bhonn le cinntí daoine maidir le freastal ar Aifreann, glacadh na hEocairiste agus go leor gnéithe eile de shaol na hEaglaise. Dhearbhaigh in aighneacht amháin gur fhulaing a lán daoine de bharr an chaoi ar mhúnlaíodh dearcthaí daoine (idir chléir agus tuata) laistigh den Eaglais maidir le tuiscint na collaíochta agus peacaí gnéis.

Iarradh go ndéanfaí athscrúdú ar theagasc na hEaglaise agus athbhreithniú ar a tuiscint ar ghnéasacht dhaonna i bhfianaise taighde eolaíoch agus socheolaíochta a rinneadh le déanaí, mar aon le haitheantas a thabhairt do shaol lucht LGBTQI+ agus lánúineacha eile. Ar an gcaoi chéanna, dearbhaíodh go bhféadfadh teagasc na hEaglaise a bheith níos trócairí maidir le sláinte agus folláine na mban agus tógáil clainne, agus go leor cúinsí, lena n-áirítear cúinsí airgeadais, a chur san áireamh. Tugadh le fios nach bhfuil sa diagacht atá mar bhonn agus mar thaca ag teagasc na hEaglaise ar ghnéasacht ach snáithe amháin i dtaipéis i bhfad níos saibhre.

Maidir le daoine colscartha atá athphósta, measadh go raibh 'rialacha agus rialacháin' na hEaglaise danartha. Chreid roinnt daoine colscartha agus scartha nach raibh siad in ann an Eocairist a ghlacadh cé nach raibh caidreamh le páirtí eile acu. Rinne daoine eile cur síos ar an chaoi ar eisigh sagairt iad ó aon ról gníomhach a bheith acu sa pharóiste mar gheall ar a stádas. Dúradh gur sheachain roinnt sagairt an teagasc maidir leis an comaoineach dóibh siúd a bhfuil caidreamh nua acu a chur i bhfeidhm go docht, agus cé go raibh siad buíoch díobh mheas siad nach raibh ann *ach súil chaoch a chasadh ar an scéal.* Moladh go mbeadh rannpháirtíocht mhacánta, oscailte leo siúd a bhfuil dara chumann acu agus taisteal leo; chun an cheist a ainmniú agus a phlé. Fuarthas achainíocha freisin go gcinnteofaí go mbeadh sé níos éasca agus níos inrochtana iarratais a dhéanamh ar neamhniú pósta.

Luadh tuismitheoirí aonair mar ghrúpa a mheas go raibh siad eisiata ó shaol na hEaglaise. Measadh gur cheart go gcuirfí fáilte roimh na tuismitheoirí go léir ar mian leo a bpáistí a thógáil san Eaglais agus go dtabharfaí tacaíocht dóibh, agus go bhfuil gá le cruthaitheacht níos fearr san mhinistreacht do theaghlaigh. Tá mionlach eile a chreideann go daingean nár cheart don Eaglais agus í

fréamhaithe sa Traidisiún Caitliceach géilleadh do chaighdeáin shaolta maidir le ceisteanna a bhaineann le hinscne, gnéasacht agus caidreamh. Mheas daoine eile, *nach mbeidh an Eaglais inchreidte i sochaí an lae inniu chomh fada agus atá leatrom á dhéanamh ar fhorais inscne nó gnéasachta.*

(ix) Múnla Creidimh i gcomhair Daoine Fásta

Leagadh béim i bpróiseas an tsionaid ar na laigí tromchúiseacha atá ann maidir le Forbairt Creidimh i gcomhair daoine fásta in Éirinn. Thuairiscíodh i go leor de na haighneachtaí go raibh sé deacair ciall a bhaint as na ceisteanna, na coincheapa agus an teanga a bhain le comaoin agus misean. Mheas go leor freagróirí go bhfuil gá le spásanna sábháilte, dinimiciúla inar féidir le daoine teacht le chéile chun labhairt go domhain faoina gcreideamh agus cur leis an eolas atá acu air. Dúradh in aighneacht amháin: *Tá bac curtha ar ár bhfás spioradálta. Cé gur baill fhásta na Eaglaise muid, nílimid daingnithe a dhóthain inár gcreideamh, agus níl an muinín againn labhairt faoin ngrá atá againn do Dhia.*

Leagadh béim i go leor aighneachtaí ar an laghdú atá tagtha ar líon na sagart agus daoine rialta is go bhfuil an Eaglais ag druidim le géarchéim mar is beag duine a bheidh ullmhaithe i gceart chun ról ceannaireachta agus forbartha creidimh a ghlacadh. Leagadh béim freisin ar an ngá atá le forbairt ghairmiúil leanúnach a sholáthar do mhúinteoirí Oideachais Reiligiúnaigh i mbunscoileanna agus i scoileanna dara leibhéil. Tacaíonn siad go mór le cur ar aghaidh an chreidimh inniu.

Mhínigh aighneacht amháin go bhfuil *géarchéim maidir le cur ar aghaidh an chreidimh, seachas géarchéim chreidimh*, agus nach bhfuilimid cinnte faoi conas tabhairt faoi soiscéalú sa saol nua-aimseartha. Ní féidir aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb sin ach amháin trí acmhainní suntasacha a chur ar fáil i gcláir dóibh siúd ar mian leo a gcreideamh féin, a spioradáltacht agus a dtuiscint ar na scrioptúir a dhoimhniú ar leibhéal pearsanta nó acadúil. Tá go leor de na cúrsaí atá ar fáil an-chostasach, agus mar sin ní féidir leo siúd atá ar ioncam íseal nó ag fáil leasa shóisialaigh tairbhe a bhaint astu. Mheas roinnt daoine dá ndéanfaimis leath an oiread acmhainní a infheistiú in oiliúint agus i múnla daoine agus a chaithimid ar fhoirgnimh, go bhféadfaimis feabhas mór a chur ar shaol na hEaglaise in Éirinn sa lá atá inniu ann.

(x) Liotúirge

Tá an tuiscint ann go ndéantar sochraidí agus ócáidí speisialta a cheiliúradh go han-mhaith, ach tá gá le liotúirge níos cruthaithí agus níos mealltaí chun naisc a chruthú le teaghlaigh agus le daoine óga. De réir cuid dos na freagróirí, tá liotúirgí na hEaglaise leadránach, liosta, tuirsiúil agus marbhánta; nach labhraíonn siad le saol daoine a thuilleadh. Ba mhian le freagróirí go mbeadh rannpháirtíocht iomlán ag tuataí san liotúirge go léir agus go mbeadh grúpa níos leithne agus níos éagsúla daoine, lena n-áirítear mná, páirteach ann. Tá mionlach ag súil go dtabharfar ar ais an tAifreann Laidineach mar aon leis na cineálacha comóraidh a bhíodh ann roimh an Dara Comhairle Vatacánach.

Ba léir go bhfuil ardmheas ar an Eocairist; sa chaoi gur mian leo go mbeadh gach duine in ann dul chun comaoineach, lena n-áirítear iad siúd atá eisiata faoi láthair. Léiríodh imní nach bhfeictear Sacraimint an Chéad Chomaoineach ná Shacraimint an Chomhneartaithe ach amháin trí lionsa na scoile agus ba mhian leo go mbeadh na daoine a bhí i láthair do na Sacraimintí sin rannpháirteach i saol iomlán na hEaglaise.

Is minic a dúradh go raibh na seanmóirí ró-fhada, ullmhaithe go dona, neamhábhartha, marbhánta agus nach mbíonn baint acu leis an saol i gcónaí. Breathnaítear ar theanga na hEaglaise sa Liotúirge mar theanga ársa, neamh-chuimsitheach, agus gur deacair í a thuiscint, go háirithe an teanga a bhíonn i sleachta ón Sean-Tiomna agus sna paidreacha liotúirgeacha. Éilíodh go soiléir go n-úsáidfí stór focal a bheadh níos simplí, níos sothuigthe agus cuimsitheach.

Léiríodh an-luach ar chumhacht na paidreoireachta, chomh maith le ceol agus amhráin. Mhothaigh rannpháirtithe áirithe an-ghrá dár gcleachtais dheabhóideacha agus labhair daoine eile faoi chumhacht Shacraimint na hAithrí. Tá roinnt rannpháirtithe ag súil go mbeidh Aifrinn tí ann arís mar aon le Aifrinn an Stáisiúin agus féilte ar leith. Iarradh go mbeadh *Laudato Si'* agus níos mó cheisteanna comhshaoil mar chuid dár liotúirgí, go háirithe ag amanna áirithe den bhliain.

Iarradh go n-aistreofaí amanna an Aifrinn chun nach mbeadh siad ag teacht salach ar uaireanta oibre, am teaghlaigh nó ócáidí spóirt. Bhí an tuiscint ann freisin go mb'fhéidir nach rachfaí i dteagmháil le daoine sa liotúirge amach anseo, *agus mar sin go bhfuil gá le céim roimh ré chun bualadh le hÍosa ar leibhéal pearsanta.*

(xi) An Óige

Tháinig ceist na hóige agus an cheist maidir le conas a d'fhéadfadh an Eaglais teagmháil a dhéanamh leo, chun cinn ar fud phróiseas uile an tsionaid. Thug deoisí agus eagraíochtaí iomadúla faoi deara *easpa daoine óga i bpobail pharóiste* agus léirigh go leor aighneachtaí an dearcadh go gcuireann eagraíochtaí óige eile áit ar fáil do dhaoine óga atá níos fáiltí ná mar atá sna paróistí.

Bhí oscailteacht agus macántacht le sonrú sna freagraí ó dhaoine óga. Ghlac siad le creideamh agus le teachtaireacht an tSoiscéil agus leis an méid a iarrtar orainn mar Eaglais. Chuir freagra amháin in iúl go soiléir na rudaí a nocht a lán daoine: *an t-aon rud amháin atá uainn mar dhaoine óga ná macántacht.* Braitheadh i go leor cásanna go bhfuil an macántacht sin in easnamh san Eaglais, nó go deimhin nach dtuigtear na dúshláin shuntasacha a bhíonn le sárú ag daoine óga sa lá atá inniu ann. Sampla suntasach amháin a tugadh ab ea na géarchéimeanna meabhairshláinte a bhíonn ag go leor daoine óga.

Cháin leor daoine óga an Eaglais faoi ról na mban, aontumha na cléire agus an chaoi ar déileáladh le géarchéim na drochúsáide. Níor aontaigh líon suntasach le teagasc na hEaglaise ar ghnéasacht agus measadh go raibh teagasc na hEaglaise ar ghnéas ina bhac ar rannpháirtíocht roinnt daoine óga. Os a choinne sin, dúirt roinnt daoine óga go bhfáiltíonn siad roimh dhúshlán theagasc na hEaglaise ar chúrsaí collaíochta.

Dúradh in aighneacht amháin gurb í tóraíocht bharántúlachta, fírinne, áilleachta agus maitheasa atá le tairiscint ag an Eaglais an rud is tarraingtí maidir leis an gcreideamh. Is díol suntais é, cé gur luaigh deoisí easpa daoine óga i bparóistí, go raibh grúpaí óige ar leith in ann an cineál pobail chreidimh a thairiscint a bhí ag teastáil ó dhaoine óga.

Mothaíonn daoine óga brú suntasach óna bpiaraí agus ón tsochaí i gcoitinne nuair a chuireann siad a gcreideamh in iúl agus nuair a bhíonn baint acu leis an Eaglais. Is díol suntais i gcás daoine óga nach ndeachaigh i dteagmháil le pobail bhríomhara nó nár aimsigh pobail bhríomhara inar féidir leo muintearas a aireachtáil, go ndéanann siad neamhshuim dá gcreideamh.

Is mian le go leor daoine óga teagmháil a dhéanamh leis an Eaglais, ach tá dícheangal suntasach idir iad agus an Eaglais de thoradh easnaimh sa chleachtas

tréadach reatha. Tá an cheist maidir leis an chaoi a bhféadfadh an Eaglais iad a thionlacan tagtha chun cinn mar cheist phráinneach.

(xii) Oideachas agus Caiticéis

Luadh oideachas reiligiúnach, teagasc críostaí, múnla creidimh agus tuiscint go minic sna haighneachtaí.

Aithníodh Sacraimintí an Bhaiste, na hAithrí, na hEocairiste agus an Chomhneartaithe mar ócáidí tábhachtacha i saol an teaghlaigh agus na hEaglaise. Tá comhdhearcadh leathan in aighneachtaí na ndeoisí, a deimhníodh freisin ag an comhthionól náisiúnta réamh-shionadach, go bhfuil gá le múnla creidimh atá dírithe níos mó ar urnaí, ar chaiticéis agus ar na scrioptúir ar leibhéal an pharóiste chun daoine a thionlacan roimh, le linn, agus ina dhiaidh na sacraimintí tábhachtacha seo. Tá paróistí ag streachailt chun daoine óga agus a dteaghlaigh a thionlacan i bhforbairt a gcreidimh. Aithnítear *go mbeidh ar an bpobal creidimh féin oideachas a chur ar ár bpáistí agus iad a threorú sa chreideamh*, rud a thugann le fios go bhfuil gá le straitéis, trína ndíreofar go háirithe ar thionlacan caiticeasmach ar leibhéal an pharóiste do dhaoine óga agus dá dtuismitheoirí.

Tuigtear go forleathan nach bhfuil an modh traidisiúnta comhoibríoch idir an scoil, an paróiste, agus an teaghlach chun an creideamh a thíolacadh ó ghlúin go glúin ag obair a thuilleadh. Tugadh le fios ina lán aighneachtaí go bhfuil an Spiorad ag spreagadh na hEaglaise in Éirinn chun ullmhú do na sacraimintí a bhaint de scoileanna agus cláir mhúnla creidimh bunaithe sa pharóiste a chur ina áit. D'aithin an comhthionól náisiúnta réamh-shionadach na heasnaimh a bhí sa modh reatha agus iarradh go ndéanfaí machnamh ar conas aghaidh a thabhairt ar an dúshlán seo. Má tá leanaí chun aithne a chur ar Críost agus iad ag ullmhú le haghaidh na sacraimintí, agus má tá siad chun a bheith múnlaithe mar dheisceabail, b'fhéidir go mbeadh tionlacan níos bunaithe ar an mbunfhógairt Chríostaí ag leibhéal an pharóiste ag teastáil.

Maidir le hoideachas agus caiticéis tuigtear anois go bhfuil na scileanna atá riachtanach don machnamh spioradálta, *atá ríthábhachtach chun cinntí a dhéanamh ar bhealach sionaid*, in easnamh ar gach leibhéal. Mura mbíonn tuiscint urnaitheach, chomhoibríoch agus mhachnamhach ar bhealach comhfhreagrach ann, d'fhéadfadh mímhuinín teacht dá bharr. Dá bhrí sin tá gá le trédhearcacht agus foirmiú maidir le machnamh spioradálta.

(xiii) An Teaghlach

Leagtar béim láidir i go leor de na haighneachtaí ar áit lárnach an teaghlaigh i ngach ceann de na trí ghné den phróiseas sionadach: comaoin, rannpháirtíocht agus misean. Breathnaítear ar an Eaglais mar theaghlach na teaghlach; is iad teaghlaigh an creat nádúrtha ina ndéantar creideamh a thíolacadh, a chothú agus a chleachtadh agus as a dtagann féiniúlacht Chríostaí; agus is teaghlaigh an creat cuí le haghaidh tionlacain agus soiscéalaíocht a dhéanamh.

Leagadh béim na haighneachtaí ar an tábhacht a bhaineann le tuiscint leathan, chuimsitheach ar an teaghlach ó thaobh comhdhéanamh agus stádas foirmiúil an teaghlaigh. Ní mór don Eaglais cásanna athraitheacha na dteaghlach le linn timthriallta a saoil a aithint, mar aon leis na dúshláin agus na hualaí atá le sárú acu. Is minic a iompraítear na hualaí sin gan focal agus gan tacaíocht sheachtrach, go háirithe i gcásanna ina mbíonn teaghlaigh ag déileáil le baill a bhfuil míchumas, néaltrú, andúil nó dúshláin eile ag gabháil leo.
Cé go n-aithnítear éagsúlacht agus bailíocht na gcineálacha éagsúla teaghlach, luadh go minic freisin an tábhacht a bhaineann leo siúd atá aonair agus a ndéantar dearmad ar a riachtanais agus ar a n-inniúlachtaí uaireanta nuair a bhíonn tosaíochtaí tréadacha á gceapadh.

Tá freagra níos cruthaithí agus níos meáite ag teastáil ón Eaglais chun teaghlaigh a thionlacan. Tá saol an pharóiste dírithe ar na sacraimintí ionadachta atá dírithe an iomarca ar leanaí agus ag brath ar scoileanna. Ba cheart go ndíreodh paróistí níos mó ar thuismitheoirí, ar chaomhnóirí, agus ar sheantuismitheoirí, agus bheadh sé níos oiriúnaí agus níos éifeachtaí aistriú ó cheiliúradh lae amháin go caidreamh leanúnach a chur chun cinn bunaithe ar chuireadh.

Os rud é go bhfuil ról lárnach ag saol an teaghlaigh, ní mór aitheantas a thabhairt do thábhacht eaglaise an teaghlaigh.[7] Leagadh béim ar eaglais an teaghlaigh nuair a chuir Covid srianta ar chomhchruinnithe. Chun eaglais an teaghlaigh a chothú agus chun tuismitheoirí a chumhachtú agus a dhearbhú, beidh cineálacha cur chuige úra ag teastáil nach mbeidh ag brath chomh mór sin ar ócáidí fhoirmiúla liotúirgeacha.

[7]'Is féidir a rá gurb é an teaghlach, an eaglais bhaile', Lumen Gentium, Bunreacht Dhogmatach na hEaglaise, uimh. 11

(xiv) Paindéim Covid-19

Chuaigh paindéim Covid-19 i bhfeidhm go mór ar reiligiún agus ar chreideamh ar bhealaí éagsúla - cuireadh srian le daoine teacht le chéile in ionaid adhartha go háirithe ag leibhéal an pharóiste chun a gcreideamh a léiriú. [8] Athrú suntasach ar shaol na hEaglaise le linn na tréimhse sin ba ea dúnadh eaglaisí agus srianadh ministreachta le linn na dianghlasálacha. D'fhulaing daoine aonrú, tréigean, pian agus gortú, go háirithe na seandaoine agus iad siúd a bhí ina n-aonar agus b'fhollas buairt na dteaghlach a bhí ag déanamh caoineadh, buairt a bhí le fulaingt de bharr srianta a cuireadh ar liotúirgí agus ar thréadchúram na hEaglaise ag an am sin.

Mhothaigh go leor gur chuir an Covid dlús leis an meath géar a bhí ag teacht cheana féin maidir le cleachtas gnás eaglasta agus rannpháirtíocht ghinearálta. Dúirt daoine eile gur spreag sé fís nua maidir le hathstruchtúrú agus athmhachnamh ar cad is brí le bheith mar Eaglais. Bhí gá le liotúirgí agus deasghnátha malartacha nuair a bhog an saol liotúirgeach go dtí an spás digiteach. Ghlac roinnt Caitliceach go hiomlán leis an deis sin. Chruthaigh cumarsáid ar líne deiseanna nua maidir le múnla creidimh agus oiliúint. Luaigh go leor rannpháirtithe gur airigh siad "teacht le chéile" agus "sóisialú" uathu le linn na paindéime agus iad ag dul chuig an Aifreann.

Chuir Covid brú ollmhór airgeadais ar dhaoine aonair agus léiríonn an méadú ar chásanna meabhairshláinte, foréigean baile agus andúil an strus a chuir an phaindéim ar theaghlaigh agus ar phobail. Maidir leis na daoine a chaill baill teaghlaigh le linn na tréimhse sin nó nach bhféadfadh cuairt a thabhairt ar a ngaolta i dtithe altranais nó in ionaid cúraim airíonn siad dobrón, caillteanas agus pian fós. Mhothaigh daoine óga go raibh siad scoite amach óna bpiaraí agus mothaíonn siad fós go raibh siad thíos leis.

Ar bhealach níos dearfaí, tháinig fás ar urnaí sa bhaile agus meas ar an teaghlach de réir mar a d'fhás eaglais an teaghlaigh. Tháinig moill ar imeachtaí teaghlaigh agus bhí siad le chéile níos mó. Tháinig cothromaíocht oibre is saoil níos sláintiúla chun cinn de réir mar a bhain daoine taitneamh as rudaí a chruthú agus gur thuigeadar níos fearr an gá atá ann an comhshaol a chosaint. I gcás go leor daoine, ba iad cruinnithe éisteachta an tsionaid na chéad imeachtaí pearsanta ar fhreastail daoine orthu tar éis míonna fada na srianta agus cé go raibh cuid

[8] B'éigean do go leor sagairt 'cocún' a dhéanamh mar gheall ar a n-aois, bhí srian ar rochtain ar ospidéil agus ar thithe altranais, ní raibh deiseanna ar fáil cuairt a thabhairt ar dhaoine a bhí gafa sa teach, daoine a bhí tinn agus daoine scothaosta.

acu neirbhíseach bhí na daoine a bhí i láthair buíoch as an deis athcheangal arís lena bpobal creidimh.

(xv) Cultúr

Chonacthas go raibh an-tionchar ag athrú mór geilleagrach agus sóisialta ar struchtúir agus ar phróisis na hEaglaise, ar an áit atá aici i sochaí na hÉireann, agus mar sin ar chumas iondúil na hEaglaise maidir le rannpháirtíocht agus misean. Léiríodh i gcuid de na haighneachtaí go bhfuil athruithe comhthéacsúla curtha i bhfeidhm ag an dá dhlínse pholaitiúla agus dhlíthiúla ar an oileán, ag oidhreacht na coinbhleachta agus ag dúshlán an tseicteachais, agus mar sin níor airigh daoine sa chaoi chéanna iad.

Tá brú tráchtálaíochta agus tomhaltachais, méadú an indibhidiúlachais, an brú ar am don teaghlach agus don phobal agus meon tuata a léirítear sna meáin cheannasacha le léamh sna haighneachtaí go léir. Tá an Eaglais á brú níos mó i gcónaí i dtreo imeall chultúir na linne a bhfuil sí ag streachailt a thuiscint nó teanga a aimsiú lena thuiscint. Braitheadh go bhfuil cúram fógartha na hEaglaise maidir le comaoin agus rannpháirtíocht á chothú faoi scáth fhócas na sochaí i gcoitinne ar chuimsiú, trédhearcacht agus cuntasacht.

Aibhsíodh na haighneachtaí an lagmhisneach a thagann de bharr an chaoi a gcaitheann na meáin leis an Eaglais, cé go n-aithnítear seirbhís luachmhar na meán neamhspleácha maidir le drochúsáid agus teipeanna cuntasachta a nochtadh laistigh den Eaglais.

In ainneoin na mbrúnna sin, braitheadh go bhfuil cúiseanna láidre ann le teagmháil a dhéanamh leis an gcultúr níos leithne ionas gur féidir le Caitlicigh aird a tharraingt ar phian agus ar fhulaingt na mbochtán agus an Domhain féin; an chaoi a bhfuil ag theip ar shochaí tomhaltóirí inbhuanaitheacht, cothromas nó sásamh saoil a chur ar fáil. Léirigh an phaindéim idirspleáchas frithpháirteach. Iarrann Teagasc Sóisialta Caitliceach ar an Eaglais aird a tharraingt ar olagóin na ndaoine atá ar an imeall. Aithníodh i go leor aighneachtaí go n-éileoidh sé sin cur chuige nua maidir le cultúr an phobail, lena n-áirítear caidreamh nua leis na meáin thraidisiúnta agus leis na bealaí nua cumarsáide ar leagadh béim ar a gcumhacht le linn ghéarchéim Covid-19.

3. Saincheisteanna suntasacha nár cuireadh i láthair go láidir sa Chomhairliúchán

Ós feasach dúinn go labhraíonn an Spiorad Naomh sa chiúnas agus sa neamhláithreacht, tá sé tábhachtach go ndéanfaimis machnamh ar a bhfuil á rá ag an Spiorad Naomh linn tríd an gciúnas a bhaineann le saincheisteanna suntasacha agus tríd an chaoi a bhfuil daoine agus grúpaí áirithe ag fanacht amach ón bpróiseas. Léirítear rud éigin faoin Eaglais in Éirinn freisin sa chaoi nár tháinig roinnt ceisteanna chun solais ar bhealach suntasach. Scrúdaíodh an t-aiseolas a fuarthas ó chomhairliúcháin na ndeoisí agus na ngrúpaí ag an gcruinniú roimh an sionad náisiúnta agus tugadh faoi deara nár tháinig na saincheisteanna seo a leanas chun cinn ar bhealach suntasach:

***An Comhthéacs Éacúiméineach agus Idirchreidmheach níos leithne**:* Cúis dóchais do mhórán sa phobal Críostaí é an caidreamh éacúiméineach a dhoimhníodh le blianta beaga anuas ar oileán na hÉireann, agus ceapadh gur bhealach é a chuideodh chun oidhreacht na ndeighilteanna san am atá thart shárú. Mar an gcéanna, chabhraigh forbairt spásanna le haghaidh comhphlé agus comhoibriú idirchreidmheach le háit an chreidimh reiligiúnaigh a chosaint in Éirinn atá ag éirí níos saolta agus ilchultúrtha. Mar chuid den phróiseas seo rinneadh sionadaíocht agus éacúiméineachas a phlé ag Cruinniú Idir-Eaglaiseach na hÉireann. Chuir ceannairí eaglaisí Críostaí eile in iúl gur mhian leo tacaíocht a thabhairt agus páirt a ghlacadh i mbealach sionadach na hEaglaise Caitlicí agus deiseanna a iniúchadh in ionstraimí éacúiméineacha náisiúnta na hÉireann le haghaidh rannpháirtíocht fhoirmiúil. Chuathas i gcomhairle freisin le hionadaithe ó chreidimh eile, agus rinneadh machnamh ar a dtaithí go dtí seo agus ar a ndóchas don am atá le teacht. Ba dhíol suntais, áfach, nach raibh mórán tagairtí don éacúiméineachas ná do chaidreamh idirchreidmheach sna haighneachtaí ó dheoisí agus ó ghrúpaí eile, rud a thugann le fios go bhfuil obair le déanamh sa réimse sin lena chinntiú go mbeidh an taithí an-dearfach ag leibhéal na ceannaireachta náisiúnta le sonrú sa chomhthéacs áitiúil.

An Comhshaol: Ainneoin imní na hEaglaise faoi chúram an domhain, ár ndúiche chomhchoiteann, tháinig an phríomh-aighneacht maidir le saincheisteanna comhshaoil ó Ghrúpa Oibre *'Laudato Si'* agus gan ach tagairt anseo agus ansiúd le fáil i sintéisí na ndeoisí.

Cearta Sóisialta: Aithníodh go bhfuil fís shlánaithe ag an Eaglais don domhan ina teagasc sóisialta agus go bhféadfadh an Eaglais a bheith ina fórsa ar mhaithe leis an leas coiteann inár sochaí, agus tugadh aitheantas do thionchar eagraíochtaí

ar nós Chumann Naomh Uinseann de Pól agus Trócaire. Is fiú a thabhairt faoi deara, cé go bhfuil sochaí na hÉireann gafa le ceisteanna a bhaineann le cearta sóisialta, mar shampla, easpa dídine, inimirce, bochtaineacht, tithíocht srl., is annamh a ndearnadh machnamh agus tráchtaireacht ar na saincheisteanna seo sna aighneachtaí sionadacha. Nuair a labhraíodh fúthu, bhí sé le tuiscint go gcaithfeadh an Eaglais í féin a athdhíriú ar an bhfíorchruatan atá á fhulaingt ag daoine agus aird a thabhairt ar na deacrachtaí sóisialta atá i dTuaisceart Éireann de thoradh na dtrioblóidí.

Beatha Shacraimintiúil na hEaglaise: Cé gur leagadh béim láidir ar athnuachan agus rannpháirtíocht i gceiliúradh na hEocairiste ba bheag tagairt a rinneadh do na sacraimintí eile ná dá dtábhacht maidir le deisceablacht Chríostaí agus caidreamh pearsanta agus pobail le hÍosa Críost. Agus na sintéisí agus na haighneachtaí éagsúla á léamh againn is cosúil go mbíonn creideamh intuigthe níos minice ná mar a chuirtear in iúl go follasach é. D'fhéadfadh sé, áfach, gur minic in Éirinn a dhéantar an creideamh a thíolacadh ar bhealach institiúideach agus mar sin is féidir le daoine díriú ar struchtúir seachas ar chaidreamh. Tagann an cheist chun solais freisin ar tugadh na sacraimintí do Chaitlicigh na hÉireann gan iad a shoiscéalú.

For-rochtain Misinéireachta na hEaglaise Caitlicí in Éirinn: Le dhá chéad bliain anuas bhí ról suntasach ag an Eaglais Chaitliceach in Éirinn i ngluaiseacht nua-aimseartha misinéireachta na heaglaise uilíche. Sa lá atá inniu ann, tá buíon láidir misinéirí Éireannacha fós ag obair ar mhisean. Mar an gcéanna, tá líonraí tuataí ar fud na tíre a thacaíonn le gníomhaíocht mhisinéireachta an lae inniu – ina n-aonar agus trí eagraíochtaí. Tugtar an-tacaíocht freisin do ghníomhaireachtaí cúnaimh ar nós Trócaire agus gníomhaireachtaí na hEaglaise in Éirinn um fhor-rochtain forbartha. Is beag tagairt atá sna haighneachtaí do rannpháirtíocht Eaglais Chaitliceach na Éireann i misean uilíoch na hEaglaise.

D'fhéadfadh sé gur chuir tosca socheacnamaíocha agus cultúrtha le ciúnas agus le neamhláithreacht dóibh siúd a bheidís in ann labhairt go bríoch ar chuid de na saincheisteanna seo. Tugann sé seo le fios go bhfuil deacracht ag an Eaglais teagmháil a dhéanamh le gach earnáil sa tsochaí. An bhféadfadh sé tarlú go measann go leor daoine nach mbaineann na ceisteanna tábhachtacha seo lena gcreideamh?

4. Conclúid

Léiríonn an Sintéis Náisiúnta seo smaointe ar chomhthéacs na hÉireann a chuidíonn leis an tasc domhanda maidir le comharthaí na linne a léamh agus soláthraíonn sí bhonn eolais do chéimeanna breise de phróiseas sionadach na hÉireann.

D'fhéadfaí a mhaíomh go luíonn tábhacht ionchur na hÉireann don Sionad Uilíoch i gclaochlú radacach déimeagrafach, eacnamaíoch agus sóisialta na hÉireann nuair a tharla athruithe móra comhthreomhara san Eaglais. Laistigh den scéal seo, tá tábhacht as cuimse iontu féin ag nádúr, scála agus iarmhairtí drochúsáid na cléire, agus chomhpháirt comhlachtaí na Eaglaise in institiúidiú ban agus leanaí in Éirinn. Tá an Eaglais in Éirinn, ag freastal ar dhá dhlínse pholaitiúla, agus b'éigean di maireachtáil le coimhlint sheicteach agus deighiltí reiligiúnacha atá fós, in ainneoin dul chun cinn polaitiúil, sóisialta agus reiligiúnach, ag tarraingt aird agus imní idirnáisiúnta orainn. Toisc gur tharla na hathraithe sin laistigh sna deicheanna de bhlianta is féidir roinnt próiseas a fheiceáil go soiléir, ach níor chíoradh cinn eile i gceart fós.

Agus muid ag druidim le cothrom 200 bliain Fhuascailt na gCaitliceach, léiríonn an chaoi a bhfuil eagraíochtaí Caitliceacha na hÉireann inár gcathracha agus inár mbailte á gcaitheamh i dtraipisí agus is léir gur athrú as cuimse é sin ar fhéiniúlacht na hÉireann sa lá atá inniu ann. Tá an t-athrú seo á bhrath, san athrú ó fhéiniúlacht náisiúnta a bhraith an iomarca ar an gcultúr Caitliceach, go ceann atá amhrasach agus go minic neamhfhulaingeach maidir lena oidhreacht Chaitliceach.

Chun teagmháil a dhéanamh leis an gcultúr ceannasach ní mór don Eaglais a bheith sásta machnamh a dhéanamh ar cad atá luachmhar i noirm nua na sochaí agus cad atá bailí ina léirmheas ar an Eaglais. Éilíonn an machnamh sin orainn a bheith san airdeall ar bhaol an chomhshamhlaithe agus a chinntiú go bhfuil torthaí an chomhphlé á mhúnlú ag an Spiorad i meabhrú cúramach agus urnatheach ar an Soiscéal.

Éilíonn tionlacan go dtógfar droichid chun nascadh le muintir ár linne ina n-áthas agus ina ndóchas, ina mbuairt agus ina n-ábhair imní go léir.[9] Is ceist oscailte í cé chomh mór is atá meon liobrálach tuata sásta na luachanna a theastaíonn uaithi a fháil ó rannpháirtíocht leis an Eaglais, nó an bhfuil a gcóras creidimh féin acu nach bhfuil mórán spáis ann chun glacadh le tuairimí eile. Cuireann Éirinn tráth

---

Féach *Gaudium et Spes,* 1 .[9]

ar leith ar fáil sa teagmháil seo le sochaí nua-aimseartha a bhfuil a cultúr fós in ann glacadh le tuiscint agus luacha Críostaí agus spás a thabhairt don neach tarchéimnitheach, ach a dhiúltaigh go hiomlán le leagan amach na Eaglaise a mhúnlaigh an saol a bhíodh ann.

Éiligh na daoine a bhí páirteach sa phróiséas sionadach go mbeadh aontacht san éagsúlacht, rud nach gciallódh aonfhoirmeacht leamh ná coimhlint a sheachaint ach cumas chun ' coimhlint a sheasamh'.[10] Ní mór aontacht dá leithéid a léiriú trí chomhordú náisiúnta ar fud na ndeoisí – táthar á iarraidh ar an Eaglais in Éirinn gníomhú le chéile. Tugadh faoi deara sna comhráite spioradálta ag an comhthionól náisiúnta réamh-shionadach go *dtarlaíonn siosmaí toisc go n-éiríonn daoine as a bheith ag caint. Leanaimis ar aghaidh ag caint agus nochtfaidh an Spiorad Naomh an bealach.* Tá dúshlán ann teagmháil agus nádúr rannpháirtíoch an tsionadaíocht a chothú, bunaithe ar éisteacht ómósach, chun go dtiocfaí faoi dheireadh ag an bpointe ina bhfeictear go bhfuil gá le cinntí sonracha a dhéanamh, i bhfianaise an riosca go bhfuil sé dosheachanta go mbeidh na cinntí den sórt sin deacair dóibh siúd nach aontaíonn leo.

I rith an phróisis dearbhaíodh agus cuireadh fáilte forleathan roimh an sionadaíocht féin – bhí fonn ar dhaoine dul chun cinn mar Eaglais sionadach. Is cinnte go nglacfaidh paróistí a bhfuil éiteas urnaí agus mhachnaimh acu le riachtanais tréadchúraim agus misinéireachta na ndaoine. Agus é sin á rá, aithnítear go forleathan go bhfuil gá le múnla leanúnach sa tsionadaíocht, go háirithe maidir le scileanna mhachnaimh, idir pearsanta agus pobail.

Caithfimid foghlaim ón am atá thart. Aithnítear gur Eaglais sinn a bhfuil cneasú de dhíth orainn ar gach leibhéal agus, faoi mar a dúirt marthanóir drochúsáide a bhí páirteach sa phróiseas, ní mór dúinn *fóram a aimsiú inar féidir linn go léir cneasú a fháil le chéile*. Inár bpróiseas éilíodh orainn dul níos doimhne agus aitheantas a thabhairt gur géarchéim chreidimh ar go leor bealaí í an ghéarchéim san Eaglais Chaitliceach in Éirinn. Faoi mar a dúirt an Pápa Emeritus Benedict XVI: 'Ní rogha eiticiúil nó ard-idéil é bheith inár Críostaithe ach teagmháil le heachtra, le duine'.[11]

Spreag Ardrúnaíocht an tSionaid go dtabharfaí gach sintéis chun críche trí 'na céimeanna atá le glacadh mar fhreagra ar an méid a aithníodh mar ghlaoch an Spioraid Naoimh inar leagadh béim go háirithe ar na pointí sin a meastar go

[10]An Pápa Proinsias, *Let Us Dream: The Path to a Better Future* (Simon agus Schuster: Londain, 2020) lch.80
[11] Deus Caritas Est, 1.

bhfuil sé tábhachtach go mbeadh tuiscint bhreise ag an Eaglais orthu'.[12] Mar fhreagra air sin déanaimid suntas den chaoi gur tháinig go leor ceisteanna chun cinn arís agus arís eile sna haighneachtaí agus sna sintéisí éagsúla, lena n-áirítear fonn láidir go mbeadh rannpháirtíocht ag mná i gceannaireacht agus sna ministrí – idir oirnithe agus neamh-oirnithe – agus ina theannta sin, léiríodh imní maidir le cur chuige na hEaglaise i leith an phobail LGBTQI+ agus an ghortú a d'fhulaing na baill. Éilíodh freisin go mbeadh baint agus rannpháirtíocht níos mó ag tuataí san Eaglais. D'fhéadfaí breathnú arís ar roinnt constaicí sa Dlí Canónta a chuireann srian le réadú iomlán na físe seo.

Ag an am céanna, is féidir leis an Eaglais in Éirinn bealaí a fhiosrú inar féidir gairm an Spioraid Naoimh, mar a chuireadh in iúl i gCéim na nDeoisí, a chur chun cinn. Ní mór ceannaireacht chomhfhreagrach a leabú ag gach leibhéal trí Chomhairlí Tréadacha Paróiste, Comhairlí Tréadacha Deoise agus struchtúir eile a chumasóidh é sin. Ag an leibhéal áitiúil ní mór dúinn a chinntiú go mbeidh áit fhíor-lárnach ag guthanna na mban inár gcinntí. Ní mór dúinn rannpháirtíocht éifeachtach na mbocht, na ndaoine eisiata agus grúpaí imeallaithe eile a chinntiú. Ní mór dúinn aire a thabhairt do mholtaí an doiciméid *Christus Vivit*.[13] Is féidir tréadchúram don phobal LGBTQI+ a shaibhriú. De réir *Amoris Laetitia,* is féidir linn 'tuiscint dinimiciúil' a bheith againn faoi 'cad é an freagra is flaithiúla is féidir a thabhairt faoi láthair' dóibh siúd atá in aontais neamhshacraimintiúla,' agus fanacht 'oscailte i gcónaí do chéimeanna nua fáis agus cinntí nua'.[14] Sna sintéisí agus sna n-aighneachtaí éagsúla, agus arís, ag an comhthionól náisiúnta réamh-shionadach, bhí éileamh láidir ar tuilleadh oibre ar mhúnla creidimh daoine fásta.

Aithnítear nach bhfuil an próiseas sionadach éasca – is minic a bhíonn Slí na Croise i gceist leis. Éileoidh sé umhlaíocht agus tiontú croí, glao a d'eisigh an Pápa Proinsias chuig an Eaglais agus é ag cur tús leis an mBealach Sionadach. Rinne an díograis, an fuinneamh agus an t-ionchas a ghin Céim Dheoise an tSionaid Uilíoch croí na hEaglaise in Éirinn a thógáil. In Éirinn tá tús curtha againn ar Bealach Náisiúnta Sionadach agus tá an Chéim Dheoise den Sionad Uilíoch tar éis ár ndúil a mhéadú i leith a bhfuil amach romhainn. Táimid ag tnúth le céimeanna breise a ghlacadh ar an mbealach seo.

[12]An Ardrúnaíocht an tSionaid, *Moltaí do Dheoisí agus Comhdhálacha Easpag ar ullmhú na sintéise,* 2.3.
[13] *"Christus Vivit": Aitheasc i ndiaidh an tsionaid do dhaoine óga agus do Phobal Dé ar fad,* Márta 2019.
[14] *Amoris Laetitia*, 303.